



POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE



Plean Gaeilge Phobalscoil Chorca Dhuibhne

Athbhreithnithe Aibreán 2013

Irish Language Plan, Pobalscoil Chorca Dhuibhne

Reviewed April 2013

Foreword

Pobalscoil Chorca Dhuibhne is a *Gaeiltacht* school. It lies within the official boundary of *Corca Dhuibhne*, the *Gaeiltacht* area of the Dingle Peninsula. The school, in accordance with its mission statement provides '**education through the medium of the Irish language for the community of Corca Dhuibhne**' and in accordance with the Education Act of 1998, '**helps maintain the Irish language as the first language of the Gaeltacht community**' (Part II, 9h).

In every aspect of the life of the school, in the staffroom or in the classroom, on the playing pitch or on school tours or wherever students and staff gather within school hours, we strive to create an atmosphere in which the Irish language can flourish as the language of instruction and of the social life of the school community.

To that end, this plan, which was introduced on a phased basis over three years, has been developed to foster a positive Irish language environment within the *Pobalscoil*. Students, teachers, staff and parents will undertake to work together to implement the plan so that it will enhance the education of our students and assure a future for the Irish language in the *Corca Dhuibhne Gaeltacht*.

We ask you the teachers, all sport coaches and trainers and all involved in any way in extra-curricular activities, and especially the students, for your help and support in fostering this positive learning environment for the Irish language.

We recognise that the students are at the heart of this important development and to that end we will liaise closely with the Student Council to encourage them to be responsible for their own language and to be proud to speak it. **A positive attitude to Irish language education will benefit students' educational and personal development and parents are encouraged to foster such an attitude in their children.**

We are most grateful to the staff, the students, the parents and to each individual in the school community who helped to foster the particular positive attitude evident in the school since its opening in September 2007.

We look forward to your co-operation. *Ní neart go cur le chéile* – There is strength in unity.

**Board of Management
Pobalscoil Chorca Dhuibhne
April 2013**

Réamhrá

Is scoil Ghaeltachta í Pobalscoil Chorca Dhuibhne a chuireann oideachas lán-Ghaeilge ar fáil do scoláirí iarbhunscoile Chorca Dhuibhne, i dtaca lenár ráiteas misin '***Iarbhunoideachas lán-Ghaeilge a chur ar fáil do phobal Chorca Dhuibhne***' agus leis an Acht Oideachais 1998 '***ag cuidiú leis an nGaeilge a choimeád mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeiltacht***' (Cuid II, 9h).

Táimid i mbun oibre chun timpeallacht Ghaelach a chothú i ngach réimse den scoil, timpeallacht inar féidir leis an nGaoilinn bláthú mar theanga oideachais agus sóisialta do phobal na scoile, bíodh sin sa tseomra ranga nó sa tseomra foirne, ar an ngort imeartha, ar thuras scoile nó aon áit a mbíonn scoláirí agus múinteoirí bailithe le linn am scoile.

Uillmhaiodh an plean teanga seo chun timpeallacht Ghaelach dhearfach a chothú sa Phobalscoil ar bhonn céimithe le 3 bliana anuas. Tugaimis faoin obair seo le chéile, idir dhaltaí, mhúinteoirí, fhoireann agus thuismitheoirí, rud a chabhróidh go mór le hoideachas ár scoláirí agus le todhcháí na Gaeltachta i gCorca Dhuibhne.

Larrfaimid oraibhse uile, cabhrú agus tacú linn an timpeallacht teanga seo a chothú sa Phobalscoil, na múinteoirí sa tseomra ranga, na traenálaithe spóirt ar an ngort imeartha, mhúinteoirí agus tuismitheoirí ag imeachtaí iar-churaclaim, agus gan dabht na scoláirí féin.

Aithnímid go bhfuil na scoláirí lárnach san obair thábhachtach seo agus chuige sin beimid ag obair leis na scoláirí féin trí Chomhairle na Mac Léinn chun iad a spreagadh le freagracht a thógáil as a dteanga féin agus í a úsáid go bródúil. ***Is chun tairbhe forbairt pearsanta agus oideachasúil na scoláirí é dearcadh dearfach i leith an oideachais Ghaeiltachta, agus moltar do thuismitheoirí an dearcadh sin a chothú ina gcuid leanáí.***

Táimid thar a bheith buíoch don fhoireann, do na scoláirí, do na tuismitheoirí agus do gach éinne i bpobal na scoile a chabhráigh le sainspiorad dearfach na scoile a chothú ó osclaíodh na doirse i mí Mheán Fómhair 2007.

Bígí linn. Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine!

An Bord Bainistíochta

Pobalscoil Chorca Dhuibhne

Aibreán 2013

Pobalscoil Chorca Dhuibhne Language Policy

April 2013

The Irish Language Policy recognises that *Pobalscoil Chorca Dhuibhne* should be empowered to provide an education of the highest standard through the medium of the Irish language in order to assist in the maintenance of the Irish language in the Corca Dhuibhne Gaeltacht.

To that end:

- All official school activities e.g. Board of Management activities, public meetings/assemblies and advertising/signage will normally be in Irish.
- Irish is the language of the classroom, the staffroom, the school offices, the playing pitches/courts, school tours and of every location or occasion where both students and teachers undertake school business.
- All subjects are taught through the medium of the Irish language.
- Within the Irish Language Policy, the needs of teachers and learners with regard to other languages taught in the school will be recognised, and every freedom and help made available to assist in the acquisition of these languages.
- Every support, resource and help will be made available to teachers to help them implement this Policy.
- Every visitor to the school will conduct his/her business through the medium of Irish (e.g. State bodies, Businesses, Universities). In exceptional circumstances, the Board of Management may grant an exemption.
- A very high standard of Irish will be a condition of any recruitment of school personnel.
- There will be a special emphasis on the culture of the Irish language and of the local Gaeltacht of Corca Dhuibhne within the school curriculum. Students of all abilities in the Irish language will be catered for (e.g. the student whose home language is Irish, the fluent speaker etc.).
- Co-operation with organisations in the local area will be encouraged in order to preserve and strengthen the Irish language and to achieve some of the goals mentioned heretofore.

This Policy also recognises that there are registered students of *Pobalscoil Chorca Dhuibhne* who may not have a sufficient level of Irish to enable them to participate fully in Irish language activities.

To that end: Parents and teachers who cannot overcome those language challenges will be given every encouragement, support and help available.

The conditions of the Agreed Settlement as signed in the High Court on the 9th July 2009 will be implemented as resources for same are made available.

Polasaí Teanga Phobalscoil Chorca Dhuibhne

Aibreán 2013

Aithníonn an Polasaí seo gur chóir Pobalscoil Chorca Dhuibhne a chumasú chun oideachas Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun cur le cothabháil na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Chuige sin:

- Is i nGaeilge, de ghnáth, a reáchtálfar gníomhaíochtaí oifigiúla na scoile, msh. imeachtaí an Bhoird Bainistíochta, tionól phoiblí agus comharthaí nó fógraí.
- Is í an Ghaeilge an teanga chumarsáide sa tseomra ranga, sa tseomra fairne, in oifigí na scoile, ar na páirceanna imeartha, ar thurais agus i ngach áit a mbíonn scoláirí agus múinteoirí bailithe ar ghnó scoile.
- Múintear gach ábhar trí Ghaeilge sa Phobalscoil.
- Laistigh den pholasaí Gaeilge, tabharfar aitheantas do riachtanais múinteoiríreachta agus foghlama i dtaobh teangacha eile a bheidh á múineadh sa scoil agus tabharfar gach saorise agus cabhair do shealbhú na dteangacha sin.
- Cuirfear gach tacáiocht, acmhainn agus cabhair ar fáil do mhúinteoirí chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm.
- Is i nGaeilge a dhéanfaidh cuairteoirí chuig an scoil a ngnó (mar shampla, Eagraíochtaí Stáit, Gnóthaí, Ollscoileanna). I gcásanna eisceachtúla d'fhéadfadh an Bord Bainistíochta díolúine a thabhairt.
- Beidh ardchaighdeán Gaeilge riachtanach in aon earcaíocht fairne a dhéanfar don scoil.
- Cuirfear béim ar chultúr na Gaeilge agus na Gaeltachta i gcuraclam na scoile, agus freastalófar ar scoláirí a bhfuil leibhéal éagsúla Gaeilge acu (m.sh. scoláirí a bhfuil an Ghaeilge mar theanga baile acu, scoláirí a bhfuil Gaeilge líofa acu srl.).
- Cothófar comhoibriú le heagraíochtaí i gceantar na scoile chun an Ghaeilge a chaomhnú agus a láidriú agus chun na haidhmeanna thusluaithe a bhaint amach.

Aithníonn an Polasaí seo chomh maith go bhfuil scoláirí cláraithe le Pobalscoil Chorca Dhuibhne, agus go bhféadfadh gan a dhóthain Gaeilge acu chun a bheith rannpháirteach in imeachtaí go hiomlán trí Ghaeilge.

Chuige sin: Cuirfear spreagadh, tacáiocht agus cabhair ar fáil do dhaltaí agus do thuismitheoirí nach acmhainn dóibh teacht i dtír ar theanga na scoile.

Cuirfear an Comhaontú Socraithe sínithe san Ard Chúirt ar an 9 lúil 2009 i bhfeidhm de réir mar a chuirtear na hacmhainní ar fáil chuige.

Implementing the Language Policy

Rules regarding language behaviour in *Pobalscoil Chorca Dhuibhne*

Irish is the sole language of instruction in the All-Irish Provision section of the school. The teacher teaches and communicates with the students in Irish only. Students communicate with one another in Irish only.

All class work and homework of the students in the All-Irish Provision section of the school will be done in Irish only. Work produced in any other language by the student will not be accepted by the teacher. (An exception is made in the case of English and other foreign languages being studied by the student).

The discipline procedure as outlined in the Code of Conduct in the Student Diary will be followed in the case of any policy of *Pobalscoil Chorca Dhuibhne* not being observed.

The Board of Management with the staff is responsible for the implementation of the policies of *Pobalscoil Chorca Dhuibhne*.

The *Droichead* Programme will be implemented for the junior classes as outlined in Sections 5.3 and 5.4 of the Agreed Court Settlement.

Targets 1

Current Status	Targets for All-Irish Provision section	Target date	Responsibility
A mixture of languages in use in the school environment.	1.1 Irish will be the language of communication of students with each other at activities and in the environs of the school.	September 2013.	Management Teachers Students Support staff Cúntóirí Teanga and Language Co-ordinator.
This is standard practice now.	1.2 Irish is the language of communication between teachers and students.	Continuous.	Teachers and Students.
This is standard practice now.	1.3 Irish is the language of communication between students in the classroom.	Continuous.	Students and Teachers.
This is standard practice now.*	1.4 All students' classwork and homework is done entirely through Irish in the All-Irish Provision.	January 2013.	Students and Teachers.

* Except where otherwise stated in the student's Individual Statement of Support (RTA).

Cur i bhfeidhm an Pholasaí Teanga

Rialacha maidir le hiompar teanga sa Phobalscoil

Is í an Ghaeilge amháin teanga an tseomra ranga sa Soláthar Lán-Ghaeilge. Múinfeoir an rang trí mheán na Gaeilge agus is í an Ghaeilge teanga chumarsáide an ranga idir mhúinfeoirí agus scoláirí agus ag scoláirí lena chéile.

Déanfaidh scoláirí sa Soláthar Lán-Ghaeilge a gcuid obair ranga agus a gcuid obair bhaile go hiomlán trí Ghaeilge. Ní ghlaicfar le hobair ó scoláire in aon teanga eile (seachas sna hábhair seo a leanas – Béarla agus na teangacha iasachta).

Sa chás go sáraítear aon pholasaí de chuid na Pobalscoile leanfar an próiseas smachta mar atá leagtha amach sa Chód lompair sa Dialainn Scoile faoi mhionsáruithe agus meánsáruithe.

Is é an Bord Bainistíochta i bpáirt leis an bhfoireann atá freagrach as polasaithe na Pobalscoile a chur i bhfeidhm.

Beidh an Clár Droichid ag feidhmiú do na ranganna sóisearacha ag tabhairt airde ar Mhír 5.3 agus 5.4 sa Chomhaontú Socraithe Cúirte.

Spriocanna1

Staid Reatha	Sprioc don Soláthar Lán-Ghaeilge	Spriodháta	Freagracht
Meascán teangacha in úsáid ag scoláirí lena chéile i dtimpeallacht na scoile.	1.1 Beidh an Ghaeilge mar theanga chumarsáide ag scoláirí lena chéile ag imeachtaí agus i dtimpeallacht na scoile.	Meán Fómhair 2013.	Bainistíocht Múinfeoirí Scoláirí Comhordanóir Teanga, Cúntóirí Teanga agus Foireann Tacaíochta.
Seo an gnáth-chleachtas anois.	1.2 Is í an Ghaeilge an teanga chumarsáide idir mhúinfeoirí agus scoláirí.	Go leanúnach.	Múinfeoirí agus Scoláirí.
Seo an gnáth-chleachtas anois.	1.3 Is í an Ghaeilge an teanga chumarsáide ag scoláirí lena chéile sa tseomra ranga.	Go leanúnach.	Scoláirí agus Múinfeoirí.
Seo an gnáth-chleachtas anois.*	1.4 Déantar obair ranga agus obair bhaile na scoláirí go hiomlán trí Ghaeilge.	Go leanúnach.	Scoláirí agus Múinfeoirí.

* Ach sa chás go bhfuil a mhalaírt luaite i Ráiteas Tacaíochta Aonair an scoláire (RTA).

Language Supports for Students

Language Supports currently available to *Pobalscoil Chorca Dhuibhne* students

School Transition Programme for Primary School entrants to *Pobalscoil Chorca Dhuibhne*: The *Pobalscoil* organises a School Transition Programme for 6th Class Primary School students who have already registered with *Pobalscoil Chorca Dhuibhne*. The course takes place one evening per week, over 10 weeks in the school year. The course is aimed at improving students' use of Irish, both socially and academically while helping students transfer to the *Pobalscoil* in a positive safe environment.

Irish Language Scholarship Scheme: Subsidised scholarships to Irish language courses in the *Corca Dhuibhne Gaeltacht* are made available to students of *Pobalscoil Chorca Dhuibhne*.

The *Droichead* Programme: The *Droichead* Programme is a support programme for Junior Cycle students who are not yet fluent in Irish. After having spent some time in the *Droichead* Programme students will transfer to the All-Irish Provision section. The time spent in the *Droichead* Programme will depend on the individual student. The Programme is particularly aimed at students whose language skills are such that they prevent the student from communicating with the teacher and with other students in the class in Irish. Teaching in the *Droichead* Programme is aimed at and adapted to the particular language needs of the students. The focus is on the continuing education and understanding of the students in the context of: (i) teaching the curriculum and, at the same time (ii) imparting the language skills necessary for the students to progress to the All-Irish Provision section of the school as early as possible. Every student will have progressed to the All-Irish Provision section by the end of his/her Third Year in the school.

Senior Cycle Supports: Specific supports are available at Senior Cycle as necessary.

School Language Assistants: Language Assistants are available to students who have little Irish or to students in the All-Irish Provision section who wish to enhance their Irish language skills. The service is available in or outside of school hours.

Homework Club: The Club is open to students in Years 1 & 2 who have little Irish or have difficulty understanding the language. The Club Supervisor is available to help students with homework in Irish. It runs from 4pm until 5pm Monday to Thursday.

Tacaíochtaí Teanga do dhaltaí

Na Tacaíochtaí Teanga atá ar fáil do Dhaltaí na Pobalscoile faoi láthair

Clár Aistrithe Scoile do leanaí bunscoile ag aistriú go Pobalscoil Chorca Dhuibhne: Cuireann an Phobalscoil Clár Aistrithe Scoile ar fáil do leanaí bunscoile i rang 6 atá cláraithe leis an bPobalscoil. Reáchtáiltear an Clár Aistrithe Scoile le linn na scoilbhliana, tráthnóna amháin sa tseachtain ar feadh 10 seachtaine. Díríonn an cursa ar úsáid na Gaeilge a fheabhsú i measc daltaí, go sóisialta agus go hacadúil, chun cabhrú leo aistriú isteach sa Phobalscoil i dtimpeallacht dhearfach shábhálte.

Scéim Scoláireachtaí Gaeilge: Cuirtear Scoláireachtaí Gaeilge ar fáil do scoláirí na Pobalscoile chun freastal ar chúrsaí Gaeilge i rith an tsamhraidh. Cuirtear áit ar fáil ar na céasraí samhraidh dóibh ar phraghas laghdaithe.

An Clár Droichid: Is clár tacaíochta sa timthriall sóiseach é an Clár Droichid do scoláirí nach bhfuil líofacht acu sa Ghaeilge. Tar éis méid áirithe ama a chaitheamh sa Chlár Droichid, aistreoidh scoláirí go dtí an Soláthar Lán-Ghaeilge. Braithfidh an méid ama a chaithfidh scoláirí sa Droichead ar an scoláire aonair. Tá an Droichead dírithe go sonrach ar scoláirí le leibhéal Gaeilge a chuireann bac orthu páirt a ghlacadh i gcumarsáid ranga leis an múinteoir agus le scoláirí eile. Díríonn an mhúinteoireacht sa Droichead ar riachtanais teanga na scoláirí sin agus tá sí curtha in oiriúint do na riachtanais sin. Díritear fócas an tseomra ranga ar fhoghlaím leanúnach agus ar thuiscint na scoláirí i gcomhthéacs na nithe seo a leanas: (i) an curaclam a mhúineadh agus, ag an am gcéanna, (ii) na scileanna teanga riachtanacha a thabhairt do na scoláirí ionas go mbeidh siad ábalta dul isteach, chomh luath agus is féidir, sa Soláthar Lán-Ghaeilge. Beidh gach scoláire tar éis dul isteach sa Soláthar Lán-Ghaeilge nuair a bheidh an Tríú Bláin críochnaithe acu.

Tacaíochtaí don Timthriall Sinsearach: Tá tacaíochtaí faoi leith ar fáil sa Timthriall Sinsearach de réir riachtanais na scoláirí.

Cúntóirí Teanga: Tá seirbhís na gcúntóirí teanga ar fáil do scoláirí sa Chlár Droichid atá ar bheagán Gaeilge agus agus do scoláirí sa Soláthar Lán-Ghaeilge (SLG) ar mian leo saibhriú a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge. Tá an tseirbhís ar fáil le linn am scoile agus ina dhiaidh.

An Club Obair Bhaile: Tá an Club seo ar fáil do scoláirí i mbliain 1 agus 2 a bhfuil deacrachtaí acu leis an Gaeilge. Bíonn riarthóirí an Chlub ar fáil chun cabhrú leis na scoláirí an obair bhaile a dhéanamh as Gaeilge. Bíonn an Club ar siúl ó 4pm go dtí 5pm Luan go Déardaoin.

Language Supports for Teachers

Language Supports for Teachers in *Pobalscoil Chorca Dhuibhne*

Targets 2

Current Status	Targets for All-Irish Provision section	Target date	Responsibility
This is standard practice now.	2.1 A Monitoring and Review Session for school staff on progress of the Language Plan is held at least once a year.	At least once a year.	Language Co-ordinator and Management.
This is standard practice now.	2.2 An induction session is held for new staff as necessary.	Continuous.	Language Co-ordinator and Management.
This is standard practice now.	2.3 A Language Profile is provided to teachers on First Year Droichead students at the beginning of each school year.	Once a year.	Language Co-ordinator and Management.
Some of this work has already been done with teachers including CLIL methodology but needs to be developed further.	2.4 Provide a yearly session for Droichead teachers to discuss designing materials for the classroom, a classroom approach and language issues.	February 2014.	Language Co-ordinator and Management.
No learning diary currently in use.	2.5 Develop a learning diary for first year Droichead students.	April 2013.	Language Co-ordinator and Management.

CLIL Content and Language Integrated Learning

Tacaíochtaí Teanga do mhúinteoirí

Tacaíochtaí Teanga do Mhúinteoirí na Pobalscoile

Spriocanna 2

Staid Reatha	Sprioc don Soláthar Lán-Ghaeilge	Spriocdháta	Freagacht
Seo an gnáth-chleachtasanois.	2.1 Bíonn Seisiún Monatóireachta agus Athbhreithnithe d'fhoireann na scoile ar dhul chun cinn an Phlean.	Go bliantúil, ar a laghad.	Comhordanóir Teanga agus Bainistíocht.
Seo an gnáth-chleachtasanois.	2.2 Bíonn ionduchtú d'fhoireann nua na scoile de réir mar is gá.	Go leanúnach.	Comhordanóir Teanga agus Bainistíocht.
Seo an gnáth-chleachtasanois.	2.3 Tugtar Próifil Teangan scoláirí Bhliain 1 sa Droichead do mhúinteoirí ag túsnáisiún.	Go bliantúil.	Comhordanóir Teanga agus Bainistíocht.
Tá cuid den obair seo déanta le múinteoirí, modheolaíocht CLIL ina measc, ach is gá forbairt a dhéanamh air.	2.4 Seisiún bliantúil a chur ar fáil do mhúinteoirí sa Droichead le dearadh ábhar sa tseomra ranga, cur chuige sa tseomra ranga agus cúrsaí teanga a phlé.	Feabhra 2014.	Comhordanóir Teanga agus Bainistíocht.
Níl dialann foghlama in úsáid faoi láthair.	2.5 Dialann foghlama a fhorbairt do scoláirí i mbliain 1 sa Droichead.	Aibreán 2013.	Comhordanóir Teanga agus Bainistíocht.

CLIL Content and Language Integrated Learning

Language Status of Pobalscoil Chorca Dhuibhne 2009-2010

An analysis of language use in the class room in *Pobalscoil Chorca Dhuibhne* for the school year 2009-2010 was done as part of the preparation for a Language Plan and in order to compare current language use with the school's Language Policy.

Questionnaires were distributed among (i) students and (ii) teachers and the results are outlined below.

The result of an evaluation carried out by the Department of Education and Skills among Parents, Students and Teachers in the Pobalscoil is outlined in Section (iii).

- (i) Language behaviour in the classroom – students
- (ii) Language behaviour in the classroom – teachers
- (iii) Evaluation by the Department of Education and Skills

(i) Language Behaviour – students

'Irish is the language of communication of the school and that is the language spoken by teachers and students' (*Language Policy Pobalscoil Chorca Dhuibhne*)

The following figures outline language behaviour between students and teachers, according to the students themselves. These are the replies given by students to an end of year questionnaire regarding the Irish Language Scheme (May 2010):

Students' Questionnaire: 'I always speak Irish to the teacher in the classroom'

First Year:	Second Year:	Third Year:
Agreed: 80%	Agreed: 64%	Agreed: 70%
Disagreed: 17%	Disagreed: 33%	Disagreed: 30%
No reply: 3%	No reply: 1%	

(ii) Language Behaviour – Teachers

There was a variety of answers given by teachers in the All-Irish Provision section to the question 'Which language do the students speak in the classroom?' (December 2009)

Sixteen questionnaires were returned and here is a sample of some of the replies:

- 'A mixture'.
- 'Both languages'.
- 'Irish all the time. Sometimes they may need to be given a word'.
- 'English among themselves. Irish when they speak to me'.
- 'English, even as I tell them to speak Irish'
- 'Irish 90% of the time'.

Other teachers replied to the question by referring to different groups of learners. They referred to Year 1/Year 2/Year 3 as being very good with regard to using Irish. The teachers were also asked if they had to speak English while teaching in the All-Irish Provision section, and if that were the case, why and how often did they have to speak English. According to the questionnaires teachers have to speak English from time to time in order to explain words/terms and they must use teaching material in English from time to time. Apart from that, teachers feel that it is easier for them to teach through the medium of Irish since the *Droichead* Programme was introduced.

Teachers' Questionnaire: Do teachers have to speak English in the class room?

- 'Much much better. Am able to cover much more material.'
- 'Really, I do not have to speak much English this year since those whose main language is English are now in Year 2 in the *Droichead* Programme (I do not teach Year 3).'

Staid Teanga na Pobalscoile 2009-2010

Mar chuid d'ullmhúchán an Phlean seo dhein an Phobalscoil anailís ar staid reatha úsáid na Gaeilge sa tseomra ranga i bPobalscoil Chorca Dhuibhne don scoilbhliain 2009-2010. Is ar mhaithe le comparáid a dhéanamh idir Pholasáí na Pobalscoile agus an staid reatha ar an talamh a déanadh an anailís seo.

Scaipeadh ceistneoirí i measc (i) scoláirí agus (ii) múinteoirí agus tá torthaí na hoibre sin le feiceáil thíos.

I mír (iii) tá toradh na meastóireachta a dhein Cigírí na Roinne Oideachais agus Scileanna i measc Tuismitheoirí, Scoláirí agus Múinteoirí na Pobalscoile.

- (i) lompar teanga sa tseomra ranga – scoláirí
- (ii) lompar teanga sa tseomra ranga – múinteoirí
- (iii) Measúnú na Roinne Oideachais agus Scileanna

(i) Lompar Teanga – scoláirí

Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile agus is í sin an teanga a labhraíonn múinteoirí agus scoláirí le chéile (Polasaí Teanga PCD).

Léiríonn na figiúirí seo a leanas an t-iompar teanga atá ag scoláirí le múinteoirí *dar leis na scoláirí féin*. Seo hiad na freagraí a bhí acu ar an ráiteas thíos i gceistneoir deireadh bliana don SLG (Bealtaine 2010):

Ceistneoir na scoláirí: 'Labhraíom Gaeilge i gcónaí leis na múinteoirí sa tseomra ranga'

Bliain 1:	Bliain 2:	Bliain 3:
D'aontaigh: 80%	D'aontaigh: 64%	D'aontaigh: 70%
D'easaontaigh: 17%	D'easaontaigh: 33%	D'easaontaigh: 30%
Gan freagra: 3%	Gan freagra: 1%	

(ii) Lompar Teanga – Múinteoirí

Sna ceistneoirí a d'fhreagair múinteoirí atá ag múineadh sa Soláthar Lán-Ghaeilge (Nollaig 2009), bhí éagsúlacht freagraí ar an gceist 'Cén teanga a labhraíonn na scoláirí sa rang?'

Sé cheistneoir déag a freagraíodh agus seo cuid de na freagraí uatha:

Ceistneoir na Múinteoirí: 'Cén teanga a labhraíonn na scoláirí sa rang?'

- 'Meascán'.
- 'An dá rud'.
- 'Gaeilge go hiomlán. Uaireanta, b'fhéidir focal ag teastáil uathu as Gaolainn.'
- 'Béarla nuair atá siad ag caint eatarthu féin. Gaeilge nuair atá siad ag caint liomsa.'
- 'Béarla, fiú nuair a deirim leo Gaeilge a labhairt.'
- 'Gaeilge 90% den am.'

D'fhreagair múinteoirí eile an cheist ag tagairt do ghrúpaí éagsúla foghlaimeoirí, is é sin, ag rá go raibh Bliain 1 / Bliain 2 / Bliain 3, an-mhaith chun Gaeilge a úsáid srl. Cuireadh ceist ar na múinteoirí, leis, an mbíonn orthu féin Béarla a úsáid agus iad ag múineadh sa Soláthar Lán-Ghaeilge agus má bhíonn, cén fáth agus cé chomh minic is a bhíonn orthu é a dhéanamh. Dar leis na ceistneoirí, bíonn ar mhúinteoirí Béarla a úsáid ó am go chéile chun focail/téarmaí a mhíniú agus bíonn orthu úsáid a bhaint as ábhar múinteoireachta i mbéarla i gcásanna áirithe. Tharais sin, braitheann múinteoirí go bhfuil sé níos fusa dóibh múineadh trí mheán na Gaeilge ó cuireadh an Clár Droichid i bhfeidhm:

Ceistneoir na Múinteoirí: An mbíonn ar mhúinteoirí Béarla a úsáid sa tseomra ranga?

- 'I bhfad Éireann níos fearr. Ábalta i bhfad níos mó a chlúdach.'
- 'Ní bhíonn orm mórán Béarla a úsáid i mbliana i ndáiríre mar tá na daoine is mó go raibh an Béarla mar phríomhtheanga acu tógha go dtí an Droichead i mbliain 2 (níl Bliain 3 agam).'

(iii) Evaluation by the Department of Education & Skills

Here are excerpts from the document *The Implementation of the Agreed Settlement of the High Court July 2009 Report on the Evaluation of the Inspectorate* issued on 20th October 2010.

The school is functioning effectively as an All-Irish school. Inspectors were assured that the school community accepts that *Pobalscoil Chorca Dhuibhne* is an All-Irish school and that the All-Irish Provision is available from First Year to Sixth Year. Teachers reported that there is an improvement in all the junior classes as a result of the introduction of the *Droichead* Programme and in some groups in the Senior Cycle.

As outlined to the inspectors, even though students usually speak English among themselves in practical or informal classroom situations, their teachers encourage them to speak Irish. Teachers say that this encouragement is working. Students usually reply in Irish only, very naturally and without any great difficulty, to teachers' questions. It is best practice to have a positive attitude and an encouraging approach to the use of Irish by students in the classroom.

In the dialogue with inspectors, the management agreed that the use of Irish as the first language of communication among the students is one of the most urgent challenges in the school (2010, 3-4).

Result of Analysis

The analysis of the current status of *Pobalscoil Chorca Dhuibhne* indicates that we are going in the right direction with regard to '**The provision of an All-Irish Language post primary education for the community of Corca Dhuibhne**' but that there are still some steps to be taken in order to fully realise this objective. We believe that it is better to achieve this objective by clarifying what is involved in using Irish, in the classroom, in the environs of the school, in particular sectors of the school community, including students.

To that end, this Three Year Plan for the Irish language has been formulated by the Committee for the All-Irish Provision, it has been put before the teachers, the Parents' Committee, the Board of Management and the Student Council so that all of the school community can together and in a positive way create an Irish language environment for the students of *Pobalscoil Chorca Dhuibhne*, in the classroom, in the school and in all school activities.

(iii) Measúnú na Roinne Oideachais agus Scileanna

Seo thíos míreanna as an gcáipéis *Cur i bhfeidhm Chomhaontú Socraithe na hArd-Chúirte lúil 2009, Tuairisc ar Mheastóireacht na Cigireachta* a eisíodh ar an 20 Deireadh Fómhair, 2010.

Tá an scoil ag feidhmiú go héifeachtach mar scoil Lán-Ghaeilge. Deimhníodh do chigírí go nglacann pobal na scoile ar fad leis gur scoil Lán-Ghaeilge í Pobalscoil Chorca Dhuibhne agus go bhfuil an Soláthar Lán-Ghaeilge ann ón gcéad bliain go dtí an séú bliain. Thug múinteoirí tuairisc go raibh feabhas sna ranganna sóisearacha ar fad mar thoradh ar thabhairt isteach an chlár Droichead, agus feabhas ar roinnt grúpaí sa timthriall sinsearach.

Mar a léiríodh do na cigírí, cé go labhraíonn scoláirí Béarla eatarthu féin de ghnáth, nuair a bhíonn obair phraictiúil, neamh-fhoirméálta ar siúl acu sa rang san áireamh, spreagann a múinteoirí iad chun Gaeilge a labhairt. Tuairiscíonn na múinteoirí go bhfuil ag éirí leis an spreagadh seo. Is gnách do scoláirí freagraí a thabhairt as Gaeilge amháin ar cheisteanna a múinteoirí agus déanann siad é seo go nádúrtha agus gan stró ó thaobh na teanga de. Is dea-chleachtas é meon agus cur chuige dearfach a ghlacadh chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc na scoláirí.

San idirphlé le cigírí, d'aithin an bhainistíocht shinsearach go bhfuil úsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga cumarsáide i measc scoláirí sa scoil ar cheann de na dúshláin is práinní sa scoil (2010, 3-4).

Toradh na hAnailísé

Léiríonn an analís ar staid reatha na Pobalscoile go bhfuilimid ar an mbóthar ceart ó thaobh '**lárbhunoideachas lán-Ghaeilge a chur ar fáil do phobal Chorca Dhuibhne**' ach go bhfuil roinnt céimeanna le tógáil fós chun an sprioc seo a bhaint amach ina hiomláine. Creidimid gur fearr tabhairt faoi seo trí shoiléiriú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge sa tseomra ranga, agus i dtimpeallacht na scoile, i measc codanna áirithe de phobal na scoile, scoláirí ina measc.

Chuige sin, tá an Plean Gaeilge 3 bliana seo curtha le céile ag Coiste an tSoláthair Lán-Ghaeilge, agus é curtha faoi bhráid na Múinteoirí, Coiste na dTuismitheoirí, An Bord Bainistíochta agus Comhairle na Mac Léinn ar mhaith le hionchur a fháil ó phobal na scoile chun timpeallacht teanga a chothú do scoláirí na Pobalscoile sa tseomra ranga, sa scoil agus ina cuid imeachtaí ar mhaith le timpeallacht Ghaelach na Pobalscoile a chothú i slí dhearfach.

Pobalscoil Chorca Dhuibhne Irish Language Plan

In order to achieve Objective 1.3, i.e. '**that Irish be the language of communication of students among themselves, at school activities and in the environs of the school**', a series of actions, to develop Irish as the language of communication of teachers, students, staff, parents and visitors in the Pobalscoil is being implemented.

Series of Actions

Activities / Competitions

The students are involved in many Irish language activities and competitions such as 'Scléip', Gael-Linn debating and Radio Competitions, An tOireachtas and others, and so have an opportunity to meet other students in an Irish language environment.

They will take part in other activities such as Young Entrepreneur of the Year where Irish will be the language of communication of the students. These activities give the students an opportunity to celebrate their Irish language heritage with the wider public.

Sport

Sporting competitions including football, basketball and rugby will all be conducted in Irish as they give the students an opportunity to celebrate their Irish language heritage with the wider public.

School Magazine

The Pobalscoil's Irish school magazine is produced annually by the students and under the direction of a teacher, to celebrate the year's activities.

Drama / Transition Year Musical

A school play in Irish is staged annually by the Transition Year students under the direction of a teacher.

Student Council

The Council was founded to give a voice to students with regard to current school and student affairs. The Council's work will be through Irish and if/when they take part in *Dáil na nÓg*, participants will speak in Irish. The student council have begun developing an action plan to promote the use of Irish among the student's.

Plean Teanga Phobalscoil Chorca Dhuibhne

Ar mhaith le Cuspóir 1.3 a bhaint amach, is é sin go mbeidh **'an Ghaeilge mar theanga chumarsáide ag scoláirí lena chéile ag imeachtaí agus i dtimpeallacht na scoile'** cuirtear sraith gníomhaíochtaí i bhfeidhm chun an Ghaeilge a fhorbairt mar theanga chumarsáide na pobalscoile, idir mhúinteoirí, scoláirí, foireann, tuismitheoirí agus cuairteoirí.

Sraith Gníomhaíochtaí

Imeachtaí / Comórtais

Glactar páirt in imeachtaí agus comórtais Ghaelacha ar mhaith le deis a thabhairt do scoláirí na Pobalscoile bualaigh le scoláirí eile i dtimpeallacht Ghaeilge ar nós 'Scléip', Comórtas Díospóireachta agus Raidió Ghae-Linn; An tOireachtas agus a leithéidí.

Glacfar páirt in imeachtaí eile, ar nós Fiontraí Óg na Blána, ach an Ghaeilge mar theanga chumarsáide na scoláirí, chun deis a thabhairt do scoláirí a gcúlra Gaeltachta a cheiliúradh os comhair an tsaoil mhóir.

Spórt

Is i nGaeilge a reáchtálfar imeachtaí agus comórtais spóirt, ina measc cispheil, peil, lúthchleasaíocht, rugbaí agus a leithéid, ar mhaith le cúnla Gaeltachta na scoláirí a cheiliúradh os comhair an tsaoil mhóir.

Iris na Scoile

Déantar Iris Ghaeilge na Pobalscoile a fhoilsíú go bliantúil chun ceiliúradh a dhéanamh ar imeachtaí na blána i bpáirt le scoláirí agus faoi stiúir múinteora.

Drámaíocht / Ceoldrámaíocht san Idirbhliain

Cuirtear dráma Gaeilge ar státse go bliantúil i bpáirt le scoláirí na hIdirbhliana agus faoi stiúir múinteora.

Comhairle na Mac Léinn

Bunaíodh Comhairle na Mac Léinn chun guth a thabhairt do scoláirí i gcúrsaí reatha na scoláirí agus na scoile. Reáchtáiltear an Chomhairle trí Ghaeilge agus sa chás go nglactar páirt i nDáil na nÓg, déantar amhlaidh trí Ghaeilge.

Tá túis curtha ag Comhairle na Mac Léinn le Plean Gníomhaíochta chun úsaid na Gaeilge a spreagadh i measc na scoláirí.

Language Usage

Targets 3

Current Status	Targets for All-Irish Provision section	Target date	Responsibility
This is standard practice now.	3.1 A Language Awareness Course is provided for all Transition Year Students prior to the Leadership Course.	Yearly.	Language Co-ordinator, Teachers and Cúntóirí Teanga.
This is standard practice now.	3.2 A Leadership Course through Irish is provided for Transition Year Students to help develop their interpersonal skills and prepare them for the role of school leaders.	Yearly.	Cúntóirí Teanga, Ógras, Teachers and Language Co-ordinator.
This process has begun but needs to be developed further.	3.3 The Students Council will prepare an action plan (based on the Green Schools approach) to promote the use of Irish among students as part of the Gaelbhrat scheme.	Yearly.	The Students Council, Teachers, Language Co-ordinator and Cúntóirí Teanga.
A competition for speaking Irish (in the classroom) has run since January 2013 with prizes accordingly.	3.4 Another competition will begin in September 2013 to encourage students to speak Irish in the school environs generally.	September 2013.	Management, Teachers, The Students Council and Cúntóirí Teanga.
This is standard practice now.	3.5 A special Irish Language module is available to Transition Year Students, as a standard class, to enable them to better prepare for the Senior Cycle.	Continuous.	Irish Teachers.
This is standard practice now.	3.6 Guest speakers are brought to speak to the students about Irish in general and its positive influence on life and work.	Continuous.	Management and Teachers.

The following targets below will not be pursued.

To establish an Irish Language Club, of which the students will have ownership and input, and which will encourage the use of Irish in the Pobalscoil, e.g. in the use of the school intercom system.

To give an opportunity to the Irish Language Club to take part in social activities. This will be done with the assistance of the Language Assistant and Irish language youth groups.

To form a walking group and link it with the Irish Language Club.

Provide broadcast time on Raidió na Gaeltachta for students who have prepared excerpts for radio.

Activities or competitions to be organised as part of Seachtain na Gaeilge by the Irish Language Club.

Resulting from the review of the Pobalscoil Chorca Dhuibhne Irish Language Plan in April 2013, some objectives which were not proving successful have been put aside or are being developed in conjunction with the Student Council. In the case of other objectives, the target date was put back to allow for the natural use of Irish among students to develop naturally.

Úsáid na Gaeilge

Spriocanna 3

Staid Reatha	Sprioc don Soláthar Lán-Ghaeilge	Spriocdháta	Freagacht
Seo an gnáth-chleachtasanois.	3.1 Cuirtear Modúl Feasachta Teanga ar fáil do scoláirí na hIdirbhliana mar thúsphointe don Chúrsa Cinnireachta.	Go bliantúil.	Comhordanóir Teanga, Múinteoirí agus Cuntóirí Teanga.
Seo an gnáth-chleachtasanois.	3.2 Cuirtear Cúrsa Cinnireachta ar fáil trí Ghaeilge do scoláirí san Idirbhliain chun iad a fhobairt go pearsanta agus mar cheannairí scoile.	Go bliantúil.	Cúntóirí Teanga, Ógras, Múinteoirí agus Comhordanóir Teanga.
Tá tú curtha leis an bpróiseas seo ach is gá forbairt a dhéanamh air.	3.3 Uillmhóidh Comhairle na Mac Léinn pleann gnímh chun úsáid na Gaeilge a fhobairt i measc scoláirí (bunaithe ar chur chuige na Scoileanna Glasra) agus mar chuid de scéim Gaelbhrat.	Meán Fómhair 2013.	Scoláirí, Múinteoirí, Comhordanóir Teanga agus Cúntóirí Teanga.
Tá Comórtas Labhairt na Gaeilge ar siúl ó mhí Eanáir 2013 sa tseomra ranga. Bronntar duais ar an rang a bhuan an comórtas.	3.4 Cuirfear comórtas eile ar bun chun na scoláirí a spreagadh le Gaeilge a labhairt i dtimpeallacht na scoile ar fad.	Meán Fómhair 2013.	Bainistíocht, Múinteoirí, Comhairle na Mac Léinn agus Cúntóirí Teanga.
Seo an gnáth-chleachtasanois.	3.5 Cuirtear Modúl Speisialta Gaeilge ar fáil do scoláirí san Idirbhliain chun iad a chumasú níos fearr le tabhairt faoin timthriall sinsearach.	Go leanúnach.	Múinteoirí Gaeilge.
Seo an gnáth-chleachtasanois.	3.6 Tugtar aoibhainteoirí chun na scoile chun labhairt le scoláirí faoin teanga i gcoitinne agus a dea-éifeacht ar a saol agus síl beatha.	Go leanúnach.	Bainistíocht Múinteoirí.

Níltear chun leanúint leis na spriocanna seo thíos.

Club Gaeilge a chur ar fáil do scoláirí chun úinéireacht is ionchur díreach a thabhairt dóibh maidir le h-úsáid na Gaeilge a chothú ina measc féin sa Phobalscoil, m.sh. ag léamh fógraí ar an idirchum.

Deis a thabhairt don Chclub Gaeilge páirt a ghlaicadh in imeachtaí sóisialta. Déanfar é seo i bpáirt leis an gCúntóirí Teanga agus le heagraíochtaí óige Gaeilge.

Cumann Siúlóide a nascadh leis an gClub Gaeilge.

Deis a thabhairt don Chclub Gaeilge míreanna raidió a ullmhú le craoladh i bpáirt le Raidió na Gaeltachta.

Deis a thabhairt don Chclub Gaeilge imeachtaí nó comórtais a eagrú mar chuid de Sheachtain na Gaeilge.

De thoradh athbhreithnithe in Aibreán 2013 ar Phlean Gaeilge Phobalscoil Chorca Dhuibhne, tá roinnt spriocanna nach raibh ag éirí leo curtha ar leataobh nó á bhforbairt i bpáirt le Comhairle na Mac Léinn. I gcás spriocanna eile, cuireadh an spriocdháta siar ar mhaith le deis a thabhairt d'úsáid na Gaeilge fás go nádúrtha i measc na scoláirí.

Enhancing Language Skills – Strategies

Targets 4

Current Status	Targets for All-Irish Provision section	Target date	Responsibility
This is normal practice now.	4.1 Local native speakers are brought into the school from time to time to speak to students on local issues in order to give them a practical opportunity to enhance their language skills.	Continuous.	Management and Teachers.
This is normal practice now.	4.2 Commonly made Irish language errors are tackled through a weekly note that is shown on the school's computers.	Continuous.	Language Co-ordinator.
This is normal practice now.	4.3 A particular pronunciation session is made available to students who are taking part in plays, debates or public speaking to help them improve their pronunciation and vocabulary.	Continuous.	Cúntóirí Teanga and Teachers.
This is normal practice now.	4.4 Regular opportunities are provided to students to read good stories and books in Irish and to listen to same where possible, especially as part of the Blogging Scheme in Years 2 and 4.	Continuous.	Irish Teachers and Oidhreacht Chorca Dhuibhne.
This is normal practice now.	4.5 Good writing habits in Irish are encouraged in students, the use of proverbs/phrases in their school work, in the annual magazine, in literary competitions run by Údarás na Gaeltachta and An tOireachtas.	Continuous.	Irish Teachers and Oidhreacht Chorca Dhuibhne.
Students are currently dependant on what they hear in class, at home or locally.	4.6 To develop a module on language enrichment for students who are native speakers or very fluent in Irish, as part of the school curriculum.	September 2014.	Language Co-ordinator and Irish teachers.

This target has not been carried out and it is considered impractical to do so. This target will not be pursued.

To gather information from interview people through Irish as part of a class project e.g. SPHE/Irish (on local history or folklore, for example).

Saibhriú Teanga – Straitéisí

Spriocanna 4

Staid Reatha	Sprioc don Soláthar Lán-Ghaeilge	Spriocdháta	Freagacht
Seo an gnáth-chleachtasanois.	4.1 Tugtar cainteoirí dúchais áitiúla isteach chun labhairt leis na scoláirí ó am go chéile ar chúrsaí áitiúla chun deis phraiticiúil a thabhairt do na scoláirí cur lena saibhreas teanga.	Go leanúnach.	Bainistíocht agus Múinteoirí.
Seo an gnáth-chleachtasanois.	4.2 Téitear i ngleic le hearráidí comóntha Gaeilge trí nota treorach seachtainiúil a thaispeáint ar ríomhairí na scoile.	Go leanúnach.	Comhordanóir Teanga.
Seo an gnáth-chleachtasanois.	4.3 Cuirtear seisiún foghraíochta faoi leith ar fáil do scoláirí i ndrámaí, i ndíospóireachtaí nó i gcainteanna poiblí chun cabhrú leo feabhas a chuir ar a gcuid foghraíochta agus foclafochta.	Go leanúnach.	Cúntóirí Teanga Múinteoirí.
Seo an gnáth-chleachtasanois.	4.4 Cothaítear deis rialta do scoláirí scéalta agus leabhair Ghaeilge d'ardchaighdeán a léamh agus, sa chás go bhfuilid ar taifead, éisteacht leo, go háirithe mar chuid den Scéim Bhlagála i mbliain 2 agus 4.	Go leanúnach.	Múinteoirí Gaeilge agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne.
Seo an gnáth-chleachtasanois.	4.5 Spreagtar dea-scríobh na Gaeilge i measc scoláirí, seanfhocail ina measc, ina gcuid obair scoile, san Iris Scoile, i gcomórtas liteartha leithéidí Údarás na Gaeltachta agus An tOireachtas.	Go leanúnach.	Múinteoirí Gaeilge agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne.
Tá scoláirí ag brath ar an méid a chloiseann siad sa rang agus ina gceantar dúchais.	4.6 Modúl Saibhrithe Teanga a fhorbairt do scoláirí gur cainteoirí dúchais iad nó a bhfuil ardchumas Gaeilge acu, mar chuid de churaclam na scoile.	Meán Fómhair 2014.	Comhordanóir Teanga agus Múinteoirí Gaeilge.

Níl an sprioc seo déanta agus níl sé réadúil go ndéanfaí é. Níltear chun leanúint ar aghaidh leis an sprioc seo.

4.7 *Eolas a bhailiú ó / agallamh a dhéanamh le daoine trí Ghaeilge mar chuid de thionscnamh ranga OS/PS/Gaeilge (topaicí ón ábhar, béaloideas, stair áitiúil srl.)*

Monitoring & Reviewing

It is the Board of Management of *Pobalscoil Chorca Dhuibhne* with senior management of the school who will be responsible for the effective functioning and the review of this Plan. It is the teachers and the staff who will be responsible for the implementation of the Plan in their classes or in their area of work, with the support of the Language Co-Ordinator. The committee for the All-Irish Provision will advise the Board of Management with regard to the monitoring and functioning of the Plan.

An annual report will be made to the Board of Management on the functioning of the Plan. This will be based on a annual monitoring and review for the school staff (2.1). There will be an opportunity for the Parents' Council, the Students' Council and the sub-committee for All-Irish Provision to have an input into this process.

Non-observance of the Language Policy of *Pobalscoil Chorca Dhuibhne* will be dealt with according to the discipline procedure of the school as outlined to the staff and students.

Appendix

The following is a list of guidelines, policies, and written material considered as the Language Plan for *Pobalscoil Chorca Dhuibhne* was prepared:

- **Guidelines for the *Droichead* Programme**
- **Questionnaires 2009/2010**
- **Code of Behaviour for *Pobalscoil Chorca Dhuibhne* 2010**
- **Language Policy of *Pobalscoil Chorca Dhuibhne* September 2010 (pg.3)**
- **Agreed High Court Settlement**
- **Report on Assessment by Inspectors of the Department of Education and Skills**

The Irish text is the original text of this plan.

Monatóireacht & Athbhreithniú

Is é Bord Bainistíochta Phobalscoil Chorca Dhuibhne i gcomhar le bainistíocht shinsearach na scoile a bheidh freagrach as feidhmiú éifeachtach agus athbhreithniú an Phlean seo. Is iad na múinteoirí agus an fhoireann a bheidh freagrach as an bPlean a chur i bhfeidhm ina ranganna agus/nó réimse oibre féin, le tacaíocht ón gComhordnóir Teanga. Cuirfidh an Coiste Soláthar Lán-Ghaeilge comhairle ar fáil don Bhord Bainistíochta maidir le monatóireacht agus cur i bhfeidhm an Phlean.

Déanfar tuairisciú bliantúil go dtí an Bord Bainistíochta ar fheidhmiú an Phlean bunaithe ar sheisiún monatóireachta agus athbhreithnithe bliantúil d'fhoireann na scoile (2.1). Beidh deis ag Comhairle na dTuismitheoirí, Comhairle na Mac Léinn agus Fochoiste an tSoláthair Lán-Ghaeilge ionchur a thabhairt leis.

Caithfear le sárú ar Pholasaí Teanga na Pobalscoile de réir phróiseas smachtaithe na scoile mar atá leagtha síos don fhoireann agus do na scoláirí.

Aguisín

Liosta de na treoirlínte, polasaithe agus ábhair scríofa a cuireadh san áireamh agus Plean Teanga 2011-2013 Phobalscoil Chorca Dhuibhne á ullmhú.

- **Treoirlínte do Chlár an Droichid**
- **Ceistneoirí 2009/2010**
- **Cód Iompair na Pobalscoile 2010**
- **Polasaí Teanga na Pobalscoile Meán Fómhair 2010** (lch. 3)
- **Comhaontú Socraithe sínithe san Ard-Chúirt**
- **Tuairisc ar Mheastóireacht na Cigireachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna)**



Pobalscoil Chorca Dhuibhne

An Daingean, Co. Chiarraí.

Fón: 066-915 0055 Facs: 066-915 2329 R-phost: pcd07@eircom.net